# POBAL CHRÍOST RÍ
# GORT A' CHOIRCE

An tAth. Donnchadh Ó Baoill
(086) 603 1749 / (074) 91 35214
tpcr1906@gmail.com

**15ú Márta 2026**

**www.pobalchriostri.ie / www.mcn.live**

**AIFRINN NA SEACHTAINE**
**14.03** Satharn 2 i.n. Baisteadh
**14.03** Satharn 3 i.n. Baisteadh
**14.03** Satharn 7 i.n.
Caitlín Mc Hugh, Toraigh/Glaschú
**15.03** Domhnach 9 r.n.
**15.03** Domhnach 11 r.n.
Josie agus Kevin Collum, An Ardaí Bheag
**16.03** Luan 10 r.n.-7 i.n.
Adhradh na Naomhshacraiminte
**16.03** Luan 7 i.n. **Bigil Lá Fhéile Pádraig**
In onóir d'Aghaidh Naofa ár Slánaitheora
**17.03** Máirt 11 r.n. **Lá Fhéile Pádraig**
**18.03** Céadaoin 7 i.n.
**19.03** Déardaoin 7 i.n.
**20.03** Aoine 7 i.n.
John Ferry & Michael Doohan Doire Chonaire
**21.03** Satharn 7 i.n.
Bridget & Eddie Doogan,Cill Ulta
**22.03** Domhnach 9 r.n.
Patrick & Josephine McClafferty, An Ardaí Bheag
**22.03** Domhnach 11 r.n.

**BÁS LE GAIRID**
Tommy McFadden, An Fál Carrach
Cha Mc Gee, An Fál Carrach
Brian an Dubhgáin as Glascú (Caiseal Na gCorr / Fál carrach)
Michael Curran,Baile an Teampaill/Loch an Iúir

**CUIMHNEACHÁIN BÁIS**
Madge Sweeney (Thompson) Doire Chonaire
Packie Gallagher, Árainn Mhór

**THE IRISH CATHOLIC**
- Ar fáil ag cúl Theach a' Phobail achan tseachtain.
- Cuir €3.00 sa bhocsa bhán - tá siad ardaithe i bpraghas.

**AN PAIDRÍN/BEANNACHT NA NAOMHSHACRAIMINTE**
Dé Domhnaigh 7.00 i.n.

**CUMANN N. UINSIONN DE PÓL –** Iarrataisí ar chuidiú chuig: 087 1965933.

**CRUINNIÚ AIRGID** Tógadh €1,515 an tseachtain s'chuaigh thart. Buíochas don phobal.

**ADHRADH NA NAOMHSHACRAIMINTE -** Dé Máirt 10.30 r.n - 7.00 i.n.
**PAIDRÍN (CHAPLET) THRÓCAIRE DÉ -** Dé Máirt 7.00 i.n.
**PAIDRÍN NA NAOMHSHACRAIMINTE** Dé Domhnaigh 7.00 i.n

## AN CEATHRÚ DOMHNACH DEN CHORGHAS A

**AN CHÉAD LÉACHT**
**Slíocht as céad labhar Samúél. 16:6-7, 10-13.**

Dúirt an Tiarna le Samúél: "Líon d'adharc d'ola agus tar liom. Táim do chur chuig Ieise Beithileach, óir tá rí roghnaithe agam domh féin i measc a chlann mhac." Ar theacht i láthair do Shamúéil, chonaic sé Eiliáb, agus dúirt sé leis féin: "Caithfidh sé go bhfuil an té atá ungtha ag an Tiarna ansin os a chomhair." Ach dúirt an Tiarna le Samúéil: "Ná bac a chuma ná a airde, mar diúltaím dó; ní thugann Dia breith mar a thugann an duine; breathnaíonn an duine an cló ach breathnaíonn an Tiarna an croí."

Thug Ieise a sheachtar mac ansin os comhair Shamúéil. Ach dúirt Samúéil le Ieise: "Ní hiad seo a roghnaigh an Tiarna." D'fhiafraigh sé ansin de Ieise: "An bhfuil do chlann mhac go léir anseo?" "Tá mac eile fós agam," ar seisean, "an té is óige; ach féach, tá sé ag sréadaíocht na gcaorach." Dúirt Samúéil le Ieise: "Cuir fios air agus tabhair leat é; ní shuífimid chun boird go dtige sé." Chuir sé fios air agus thug isteach é; gasúr dóighiúil a bhí ann, le súile lonracha, agus scéimh ina chló. Dúirt an Tiarna: "Seo leat, agus déan é a ungadh mar is é seo é." Ansin thóg Samúéil an adharc ola agus rinne é a ungadh ansiúd san áit a raibh sé i measc a dheartháireacha. Tháinig spiorad an Tiarna agus luigh sé ar Dháiví agus d'fhan leis ón lá sin amach. Maidir le Samúéil, d'éirigh sé agus d'imigh go Rámá.

**.Briathar an Tiarna. FR. Buíochas do Dhia.**

**FREAGRA AN tSAILM:**
Is é an Tiarna mo shréadaí
ní bheidh aon ní de dhith orm,

**AN DARA LÉACHT**
**Sliocht as litir Naomh Pól chuig na hEifísigh. 5:8-14.**
Ní raibh ionaibh am amháin ach dorchadas, ach is solas anois sibh sa Tiarna. Iompraígí sibh féin, mar sin, cosúil le clann an tsolais – bíonn toradh an tsolais le feiceáil san uile shórt maitheasa agus fíréantachta agus fírinne. Aimsígí cad é an rud is toil leis an Tiarna agus ná bíodh aon pháirt agaibh i ngnóthaí amaideacha an dorchadais ach iad a cháineadh. Mar is náireach le rá na rudaí a dhéanann siad faoi choim. Gach uile ní a nochtar faoin solas, áfach, éiríonn sé soiléir agus gach rud a bhíonn soiléir, bíonn sé ina sholas. Sin é an fáth a ndeirtear: 'Dúisigh, a chodlatáin! Éirigh ó na mairbh agus lonróidh Críost ort'.

**Briathar an Tiarna.**
**FR. Buíochas do Dhia.**

**VÉARSA**
Is mise solas an tsaoil, a deir an Tiarna;
an té a leanfaidh mise beidh solas na beatha aige.

**SOISCÉAL**
**Sliocht as an Soiscéal naofa de reir Naomh Eoin.**
**9:1, 6-9, 13-17, 34-38.**

Ag siúl an bhealaigh do Íosa, chonaic sé duine a bhí dall ón bhroinn. Chaith sé seileog ar an talamh, rinne sé lábán den tseileog agus chuir sé an lábán ar shúile an daill agus dúirt sé leis: "Imigh agus nigh i Linn Siolóam" – is é sin le rá, Seolta. D'imigh sé, nigh é féin agus phill agus a radharc aige. Dúirt a chomharsana ansin, agus an dream a chonaic é roimhe sin, ag iarraidh déirce: "Nach é seo an té a bhíodh ina shuí ag lorg déirce?" Dúirt daoine: "Is é". Dúirt daoine eile: "Ní hé, ach tá sé cosúil leis." Dúirt sé féin: "Is mise é." Thug siad chun na bhFairisíneach an té seo a bhí dall tráth. Ba é an tsabóid é an lá a rinne Íosa an lábán agus a d'oscail sé súile an duine. D'fhiafraigh na Fairisínigh de arís mar sin caidé mar a fuair sé a radharc. Dúirt sé leo: "Chuir sé lábán ar mo shúile, nigh sé mé agus tá mo radharc agam." Dúirt cuid de na Fairisínigh ansin: "Ní ó Dhia an duine seo mar ní choinníonn sé an tsabóid." Dúirt cuid eile: "Caidé mar is féidir le duine peacúil míorúiltí mar iad seo a dhéanamh?" Agus bhí aighneas eatarthu. Dúirt siad arís leis an dall dá bhrí sin: "Cad é a deir tusa faoi dtaobh dó ó d'oscail sé do shúile?" D'fhreagair sé: "Fáidh is ea é." D'fhreagair siad agus dúirt leis: "I bpeacaí a rugadh thusa ar fad, agus an dár dteagascinne atá tú?" Agus chaith siad amach é. Chuala Íosa gur chaith siad amach é, agus nuair a fuair sé é dúirt sé leis: "An gcreideann tú i Mac an Duine?" D'fhreagair seisean: "Cé hé féin, a Thiarna?" – ar sé leis – "chun go gcreidfinn ann." Dúirt Íosa leis: "Tá sé feicthe agat, agus an té atá ag caint leat is é é." Dúirt seisean: "Creidim, a Thiarna," agus rinne sé ómós dó.

**Soiscéal an Tiarna.**
**FR. Moladh duit, a Chríost.**

**DÁTAÍ DON DIALANN**
**25.04.26 - Cóineartú**
**23.05.26 - An Chéad Chomaoineach**

**BAILIÚCHAN AIRGID**
Beidh bailiúchan ag geaftaí an tigh phobail 21/22 Márta do Chros Cnoc Na Naomh

**FÓGRAÍ DON NUACHTLITIR** Duine ar bith ar mhaith leo fógra a chur sa nuachtlitir, thig leo a bhfógra a chur chuig tpcr1906@gmail.com roimh an cúig a chlog Dé Céadaoine.

**Rúndiamhair an Chreidimh**
Gach uair a ithimid an t-arán seo
agus a ólaimid an chailís seo,
fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.

**HALLA NA PARÓISTE**
Jeighbheáil le James Luan 8.00-9.30i.n. *Tosaitheoirí 8.00-8.30i.n.*
Ranganna Comhaltas (Ceol uirlise traidisiúnta) Luan 5.00-8.00i.n.
Bollaí(bowls)Dé Domhnaigh & Dé Máirt 7-12
Traenáil Circuits Luan agus Céadaoin 6.30 i.n.- 7.30 i.n.
Slimming World Déardaoin 7.30 r.n. - 9.00 r.n.
Banna Ceoil Déardaoin 6.30 i.n. -8.30

**CLEACHTADH DON CHÓR**
Beidh cleachtadh goirid i ndiaidh aifreann 11 Dé Domhnaigh 15ú. Beidh cleachtadh ann indiaidh an Aifrinn oiche Luain 16ú (Bigil na Féile, 7.45 i.n.)

**TACAÍOCHT / COMHAIRLEOIREACHT** Má tá tacaíocht de dhíth ort féin nó ar dhuine ineacht ar d'eolas maidir le cosaint pháistí nó le mí-úsáid pháistí i gcás dhuine de lucht oibre na hEaglaise téigh i dteagmháil leis an Phearsa Chúraim Thréadaigh - (OLP) Seirbhís Cosaint Pháistí Ráth Bhoth. Margaret Northage 086 2183011
**MÁITHREACHA BREITHE** Tá eolas agus tacaíocht ar fáil do mháithreacha a raibh a bpáistí uchtaithe (adopted) ar www.birthinfo.ie ná ag TUSLA ar +353 818 445 500.
**TACAÍOCHT AR FÁIL** An bhfuil tú ag iompar clainne agus ar mhaith leat tacaíocht? Thig linn measúnaithe toirchis, scrúdú toirchis, ultrafhuaime a chur ar fail ná tacaíocht a thabhairt i ndiaidh ginmhilleadh. Tuilleadh eolais: (089) 246 9599
**Narcotics Anonymous** 087 4045030 / 00447810172991
**AA (Alcoholics Anonymous)** 087 6273596
**AL ANON** 018732699. info@al-anon-ireland.or

**CLÉIRIGH**
Dé Sathairn 14/03 @ 7.00: Brídann Ní Ghallachóir
Dé Domhnaigh 15/03 @ 9.00: Iarla, Naoise agus Paddy Ó Ceallaigh
Dé Domhnaigh 15/03 @ 11.00: Orlaith Beatty, Ciara Ní Fhearraí & Jenna Nic Fhionnlaoich

Dé Sathairn 21/03 @ 7.00: Brídann Ní Ghallachóir
Dé Domhnaigh 22/03 @ 9.00:
Dé Domhnaigh 22/03 @ 11.00: Lucia, Marianna, Patrick Ryder & Elena Nic Aoidh

**LÉITHEOIRÍ - Márta**
Dé Sathairn @ 7 i.n.Feardorcha Ó Gallchóir
Dé Domhnaigh @ 9 r.n. Patricia Úí hArlaigh
Dé Domhnaigh @ 11 r.n. Mairéad Mhic Aoidh
**MINISTRÍ EOCAIRISTEACHA - Márta**
Dé Sathairn @ 7 i.n. Anne Nic Suibhne & Mairead Ní Cholla
Dé Domhnaigh @ 9 r.n. Nóirín Nic Aoidh & Bríd McCurry
Dé Domhnaigh @ 11 r.n. Séamus ó Briain & Pearse O'Reilly

**Guímis gach rath ar Bhuíon Cheoil Sinsear Chloich Cheann Fhaola atá ag gabháil go Londain le páirt a ghlacadh i bParáid na Féil' Pádraig 2026 Dé Domhnaigh 15ú. Beidh siad sa bhaile aríst do Lá Fhéil' Pádraig. Ádh mór oraibh.**

**IONAD POBAIL MHACHAIRE RABHARTAIGH**
**Dé Luain**
Glígíní (Grúpa Tuismitheorí & Tachráin) 10-11.30 r.n.
Dé Máirt
Damhsa Líne @6.30-8 @ 6.30 Tosaitheoirí 7.15-8 i.n Feabhsaitheoirí €5 & Club Óige Críost Rí 8.15-10
Dé Céadaoine
Mná Phort Mhaise 10-12 r.n
Déardaoin
Aeróbaice Chathaoir 11-12 i.n. Aeróbaic Chéime
50/50 tarraingt beo ar ár leathanach Fb @7i.n
Cardaí 7.30 i.n.€5
Bhain Thomas McGinley €141
ar an 50/50, comhghairdeachas. Tarraingt achan Déardaoin @7.00 i.n.
Tuilleadh eolais ar Facebook ná ar 074 9135556/083 07692

**Medjugorje 31.03.2026**
Oilithreacht go Medjugorje Cáisc 2026. Márta 31ú @ 7 lá. Costas €899 le Treoraí Spioradalta Eolas ó Bheirní 087 935 3953
**Oilithreacht Cairde Mhuire Lourdes. 2026**
24ú Meitheamh ar feadh 5 óiche. €995 Óstan Padoue, as B.A.C. Treoraí Spioradaltá An Sagart Pádraig Ó Baoighill. Eolas ó Bheirní 087 935 3953

**Scoil Naomh Dubhthach Machaire Uí Rabhartaigh**
Beidh clárú ar siúl do Scoil Naomh Dubhthach, Machaire Uí Rabhartaigh ar an 26ú Márta.
Bual isteach chuig an oifig chun foirm chlárúcháin a fháil nó seol ríomhphost chugainn ag: Scoilnaomhdubhthach@yahoo.ie

**BUÍON CHEOIL (SÓISEAR)**
Lotto:Níor imigh an póta óir! Comhghairdeachas Margaret Nelson a bhain €100
B'iad :1-2-3-6-9-11. na huimhreacha. Póta óir anois: €3,100